

# Bunú & Fás an Fhaisisteachais san Iodáil -

TEACHT CHUN CINN BENITO MUSSOLINI

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Tairseach
Acmhainní agus Tacaí do Mhúinteoirí
Pobail Chleachtais a Chruthú agus a Chothú



# Eochairphearsa: Benito Mussolini

Rugadh Mussolini sa bhliain 1883 in Romagna.

D’oibrigh a athair mar ghabha dubha agus sóisialach a bhí ann.

Bhí cáil ar an gceantar seo de bharr foréigin maidir le cúrsaí talmhaíochta.

Seoladh athar agus seanathair Mussolini go príosún de bharr a gcreidimh shóisialacha.

# Saol polaitiúla Mussolini

Thosaigh Mussolini a shaol polaitíochta mar bhaill den pháirtí shóisialach.

Chonáigh sé san Eilvéis lena mháthair ionas nach mbeadh air dul isteach in arm na hIodáile.

Fad is a bhí sé ann, d'oibrigh sé i gcomhair nuachtán shóisialach.

D'fhill sé ar an Iodáil in 1905 agus fuair sé post mar mhúinteoir sealadach.

Tar éis tamall gearr, d'fhág sé an mhúinteoireacht agus lean sé ar aghaidh ag obair ar son na meán.

Fuair sé post mar eagarthóir den nuachtán *Lotta di Clase.*



# Saol polaitiúil Mussolini

Bhain sé cáil amach laistigh den pháirtí sóisialach agus thóg sé taobh na n-antoisceach le linn na comhdháil bliantúla i 1912.

Bhí na sóisialaithe daonlathacha ag iarraidh athrú a dhéanamh tríd an gcóras daonlathach ach bhí taobh Mussolini ag iarraidh go mbeadh fórsa in úsáid acu.

Sa bhliain céanna fuair sé post mar eagarthóir den nuachtán shóisialach *Avanti.*

Nuair a bhris an Chéad Chogadh Domhanda amach, scríobh Mussolini faoi cé chomh tábhachtach is a bhí an tsíocháin.

Ach d'athraigh sé a intinn níos déanaí sa bhliain, agus bhí sé ag iarraidh go mbeadh an Iodáil ag glacadh páirt sa chogadh ar thaobh na gcomhghuaillithe.



Il Popolo d'Italia

MILANO - Anno XXVII - Via Arnaldo Mussolini, 10 — Fondatore: BENITO MUSSOLINI — N. 163 - Martedì 11 Giugno 1940-XVIII E. F.

L'ORA SEGNATA DAL DESTINO È SCOCCATA

POPOLO ITALIANO CORRI ALLE ARMI!

L'intervento dell'Italia annunziato dal Duce

Guerra

Parla Mussolini

Messaggi del Führer al Re Imperatore e al Duce

L'Ambasciatore Rosso partito per Mosca

ITALIANI!

POPOLO ITALIANO!

La gioventù italiana accorre alle armi

# Saol polaitiúla Mussolini

Bhí sé den tuairim mura raibh an Iodáil páirteach ní mbeadh ról acu ag teacht suas le na téarmaí síochána.

De bharr a tuairimí, bhí air an pháirtí sóisialach a fágáil.

Bhunaigh sé a nuachtán féin, *Il Popolo d'Italia*.

Bhí 2 mana ar an gcéad leathanach den nuachtán

- *The man who has iron has bread*
- *Bayonets turn ideas into revolution*

# Saol polaitiúla Mussolini

Rinne coinscríobh ar Mussolini i Meán Fómhair 1915.

Ní raibh taifead iontach ag Mussolini mar saighdiúir cé gur lig sé go raibh sé an cróga.

Fuair sé ardú céime chuig corparáil ach ní bhfuair sé bonn nó aon rud le haghaidh a crógacht.

Tháinig deireadh lena am san arm i bhFeabhra 1917, nuair a gortaíodh é le linn traenáil.

Thug fadhbanna na hIodáile deis do Mussolini smacht a chuir ar an dtír.

Bhí sé trí an nuachtán *Il Popolo d'Italia* a d'éirigh le Mussolini a bheith mar cheann de phríomhchritceoirí an rialtais

# Fadhbanna san Iodáil tar éis an Chéad Chogadh Domhanda.

1. Fala le Conradh Versailles

2. Fadhbanna Eacnamaíochta & Shóisialta

3. Teip an Daonlathais



# 1. Fala le Conradh Versailles

Chuaigh an Iodáil isteach sa Chéad Chogadh Domhanda ar thaobh na comhghuaillithe i 1915, faoi théarmaí Conradh Londain.

Dúirt an conradh seo, go mbeadh chuid den Dalmáit agus áiteanna eile tugadh chuig an Iodáil ón Ostair - Ungáir.

Ach dhiúltaigh uachtarán Meiriceá Woodrow Wilson é seo, dúirt sé gur cheart go mbeadh siad mar chuid den thír nua – an Iúgslaiv.




# 1. Fala le Conradh Versailles

Chruthaigh sé seo fala i measc pobail na hIodáile.

D'fhás an fala nuair a chuir rialtas na hIodáile an éileamh seo ar cheal faoi théarmaí Conradh Rapallo i 1920.

Bhí fearg an domhain ar náisiúnaithe Iodálacha agus i 1920, ghlac grúpa d'iarr saighdiúirí seilbh ar an gcalafort Fiume

# 2. Fadhbanna Eacnamaíochta & Shóisialta

- Bhí laige eacnamaíocht na hIodáile léirithe le linn an Chéad Chogadh Domhanda.
- D’ardaigh praghsanna 250% idir 1914 agus 1918.
- Chaill daoine a choigiltis ar fad agus ní raibh pá in ann choimeád suas le boilsciú.
- Mar thoradh de seo, bhí tonn de stailceanna eagraithe ag oibrí tionsclaithe agus oibrí talmhaíochta.
- Bhí níos mó ná 50% de daonra oibre na hIodáile ag obair i dtalmhaíocht.
- Bhí timpeall 90% de na feirmeacha níos lú ná 3 acra – níl sé seo go leor talaimh chun maireachtáil air.

# 2. Fadhbanna Eacnamaíochta & Shóisialta

- Le linn an cogadh dúirt an rialtas go cuirfidh siad clár de dáilte talaimh i bhfeidhm tar éis an chogadh – mhéadaigh sé seo dóchas na tuathánaigh.
- Níor chuir rialtas na hIodáile an clár i bhfeidhm tar éis an cogadh agus bhris tonn de chorraíl timpeall na hIodáile.
- Chuaigh feirmeoirí an gleann Po ar stailc i 1920, d’fhág siad an fómhar sa páirceanna ag meath – rud a chuir isteach go mór ar na tiarnaí talún.
- Mhéadaigh an mhíshásamh i measc an lucht oibre le linn an cogadh freisin.
- Thit luach airgeadra na hIodáile. Chabhraigh sé seo earraí a easpórtáil agus mhéadaigh sé saibhreas na úinéirí ach ní raibh pá na n-oibrí in ann choimeád suas le boilsciú.
- I 1920, thóg 500,000 oibrí seilbh ar oibreacha cruach in Milan.

# 3. Teip an Daonlathais

Tugadh isteach an córas vótála Ionadaíocht Chionmhar san Iodáil den chéad uair i 1919.

Mar thoradh, d'fhás go leor pháirtí beaga agus bhí comhrialtais lag tofa arís is arís.

Idir 1919 – 1922, bhí cúig rialtas difriúla.

Ní raibh go leor ama ag an ceann chun dul i ngleic le fadhbanna eacnamaíochta agus shóisialta na tíre.




# Teacht chun cinn an Fhaisisteachais

Tagann an focal faisisteachas ón bhfocal *fasces*.

Siombail d'údarás sa Sean Róimh ach i 1919, dhéan sé tagairt chuig grúpaí Iodálach a bhí frith-chumannach.

I 1919, bhunaigh Benito Mussolini *fascio* i Milan.

Chaith na baill éide agus tugadh an leas-ainm “Léinte Dubha” dóibh.

San olltoghchán den bhliain sin, theip ar an Páirtí Fhaisisteachas aon suíochán a fháil agus ní bhfuair siad ach 2% den vóta i Milan.



Avanti!

QUOTIDIANO DEL PARTITO SOCIALISTA

ni riconquistano le

rdine perfetto nella città liberata; le fabbriche, d

TORINO: La liberazione dopo violenti scontri c

a X Flottiglia Mas catturata - Gli Alleati sono a

VENTO DEL NORD

Quando parlammo la prima volta di vento del Nord, i pavidi, che si trovano sempre al di qua del loro tempo, alzarono la testa un poco sgomenti. Che voleva dire? Era un annuncio di guerra civile? Era un incitamento per una notte di San Bartolomeo? Era un appello al bolscevismo?

Era semplicemente un atto di fiducia nelle popolazioni che per essere state più lungamente sotto la dominazione nazi-fascista, dovevano essere all'avanguardia della riscossa. Era il riconoscimento delle virtù civiche del nostro popolo, tanto più pronte ad esplodere quanto più lunga ed ermetica sia stata la compressione. Era anche un implicito omaggio alle forze organizzate del lavoro ed alla loro disciplina rivoluzionaria.

Ed ecco il vento del Nord soffia sulla penisola, solleva i cuori, colloca l'Italia in una posizione di avanguardia.

Nelle ultime 48 ore le notizie dell'insurrezione e quelle della guerra si sono succedute con un ritmo vertiginoso. La guerra da Mantova dilagava verso Brescia e Verona, raggiunte e superate nel pomeriggio di ieri. L'insurrezione dalla periferia guadagnava Milano e da Torino si propagava a Genova.

Nell'ora in cui scriviamo tutta l'Alta Italia al di qua dell'Adige, è insorta dietro la guida dei partigiani. A Milano a Torino e a Genova i Comitati di Liberazione hanno assunto il potere imponendo la resa dei tedeschi e incalzando le brigate nere fasciste in vittoriosi combattimenti di strada.

Sappiamo il prezzo della riscossa. A Bologna ha nome Giuseppe Bentivogli. Quali nomi porterà la testimonianza del sangue a Torino e a Milano? La mano ci trema nel dare un dettaglio della insurrezione milanese. Ieri mattina alle cinque, secondo una segnalazione radiotelegrafica, il posto di lotta e di comando di Alessandro Pertini e dell'Esecutivo del nostro Partito era circondato dai tedeschi e in grave pericolo. Nessuna notizia è più giunta in serata per dissipare la nostra inquietudine o per confermarla. Ma sappiamo, ahimè!, che ogni battaglia ha le sue vittime e verso di esse, oscure od illustri, sale la nostra riconoscenza.

Perchè gli insorti del Nord hanno veramente, nelle ultime quarantotto ore, salvato l'Italia. Mentre a San Fran-

gioni o tornano dai campi di concentramento, questi uomini reclamano, e all'occorrenza sono pronti ad imporre, non una rivoluzione di parole, ma di cose. Per essi il culto della libertà non è una dilettantesca esasperazione dell'« io » demiurgico, ma sentimento di giustizia e di eguaglianza per sè e per tutti. Alla democrazia essi tendono non attraverso il diritto formale di vita, ma attraverso il diritto sostanziale dell'auto-governo e del controllo popolare. Non si appagheranno quindi di promesse, nè di mezze misure. La rapidità stessa e l'implacabile rigore delle loro rappresaglie sono di per se sole un indice della loro maturità, perchè se la salvezza nel paese è nella riconciliazione dei suoi figli, alla riconciliazione si va non attraverso l'indulgenza e la clemenza, ma l'implacabile severità contro i responsabili della dittatura fascista e della guerra.

In codesta primavera della patria che consente tutte le speranze, c'è per noi un solo punto oscuro, si tratta di sapere se gli uomini che qui a Roma scotevano sgomenti il capo all'annuncio del vento del Nord, che vedevano sorgere dal passato l'ombra di Marat o quella di Lenin se qualcuno osava parlare di comitato di salute pubblica, che trovavano empio o demagogico il nostro grido: « tutto il potere ai Comitati di Liberazione », si tratta di sapere se questi uomini intenderanno o no la voce del Nord e sapranno adeguarsi ai tempi. Ad essi noi ripetiamo quello che ieri, da queste stesse colonne, dicevamo agli Alleati: — Abbiate fiducia nel popolo, secondatene le aspirazioni, scuotete dalle ossa il torpore che vi stagna, rompete col passato, non fatevi trascinare, dirigete.

A questa condizione oggi è finalmente possibile risollevare la nazione a dignità di vita nuova, nella concordia del più gran numero di cittadini.

Vento del Nord.

Vento di liberazione contro il nemico di fuori e contro quelli di dentro.

PIETRO NENNI

*Post-Scriptum* — C'è un virtuale cordone sanitario. Non l'ha infranto il presidente del Consiglio il quale attende l'occasione di portare il saluto del governo a Bologna

# Teacht chun cinn an Fhaisisteachais

Fuair na sóisialaigh 40 uair níos mó vótaí ná iad; chuir sé seo isteach go mór ar Mussolini agus smaoinigh sé faoi deireadh a chuir lena shaol polaitíochta ag an pointe seo.

Scríobh an sean nuachtán a d’oibrigh sé de, Avanti, cuntas iarbháis polaitíochta dó.

Dúirt sé

*“a body in a state of putrefaction (rotting) has been found today in Milan. It seems to be that of Benito Mussolini.*

D’éirigh cúrsaí eacnamaíochta agus sóisialta níos measa idir 1919 agus 1921.

# Teacht chun cinn an Fhaisisteachais

- Ní raibh na saighdiúirí a bhí ag troid sa Chéad Chogadh Domhanda in ann post a fháil agus mar sin thosaigh cúrsaí ag athrú de Mussolini agus a pháirtí.
- I rith an olltoghchán de 1921, bhuaigh an pháirtí Faisisteachas 35 suíocháin – toradh maith a bhí ann ach i bhfad ón uimhir chun móramh a fháil sa pharlaimint. Bhí sé mar bhaill de mór ghrúpa – National Bloc a fuair 105 as 535 suíocháin.
- Bhí Mussolini chun deireadh a chuir lena sheasamh láidir i gcoinne an sóisialachas ach mheall faisistigh eile é gan é seo a dhéanamh.
- Fad is a lean an chorraíl ar aghaidh, bhí méadú ag teacht ar líon na ndaoine a bhí páirteach lena faisistí.
- Bhí daoine dífhostaithe, mhic léinn, tuathánaigh, aon duine a bhí ag lorg athrú ag dul isteach sa pháirtí.

# Teacht chun cinn an Fhaisisteachais

Fiú bhí an Eaglais Chaitliceach ag tabhairt tacaíocht do Mussolini

Dúirt sé go raibh sé chun deireadh a chur leis an aighneas a bhí ann idir stát na hIodáile agus an Eaglais Chaitliceach a bhí ag dul ar aghaidh ó aontú na hIodáile in 1870.

Thosaigh tionsclaí, baincéirí agus an agrari (úinéirí móra talún) ag cur airgead ar fáil don pháirtí de bharr go raibh siad i gcoinne scaipeadh an chumannachais.

Rinne na Faisistithe dul chun cinn in 1922 nuair a bhris Mussolini agus a scuaid Fhaisisteacha stailc náisiúnta.

# Teacht chun cinn an Fhaisisteachais

- D’fhógair na sóisialaithe stailc.
- Chuir na faisistithe smacht ar na sráideanna in Milan, Genoa agus Turin.
- In Milan, d'ionsaigh na faisistithe sean-nuachtán Mussolini, Avanti.
- Chuir siad an ruaig, freisin, ar na sóisialaithe as halla an bhaile.



# An Mháirseáil chun na Róimhe Deireadh Fómhair 1922

Thosaigh a lán daoine ag cur suim san Fhaisisteachas de bharr go raibh siad ag déanamh go maith agus bhí níos mó ná 2,300 scuad faisisteach bunaithe ar fud na hIodáile.

Faoi Dheireadh Fómhair 1922, bhí comhairleoirí Mussolini ag moladh dó *coup d'état* a dhéanamh

Ar an 24ú Deireadh Fómhair, thug Mussolini dúshlán don rialtas – réitigh fadhbanna na hIodáile nó lig do na Faisistithe iad a réiteach.

Ar an 30ú DF, thosaigh timpeall 30,000 faisistí ag máirseáil chun na Róimhe.

D'fhán Mussolini cóngarach don teorainn i dtuaisceart na hIodáile de bharr go raibh eagla air go gcuirfí faoi choimeád é.

# An Mháirseáil chun na Róimhe Deireadh Fómhair 1922

D’iarr an Príomh-Aire Liobrálach, Luigi Facta, ar an Rí ordú a thabhairt don arm bogadh i gcoinne na bhFaisistithe ach dhiúltaigh an rí.

Seachas é sin, thug an Rí cuireadh do Mussolini chuig cainteanna sa Róimh.


Le linn na gcainteanna, thairg an rí post do Mussolini mar aire sa rialtas.

Dhiúltaigh Mussolini an post mar aire ag rá “*[he would] not enter by the tradesman’s entrance”.*

Bhí eagla ar an rí go mbeadh trioblóid ann agus thairg sé an post mar phríomh-aire na hIodáile dó mar thoradh.

D’fhág Mussolini an Róimh agus tháinig sé isteach arís le bannaí faisisteacha i bparáid ollmhór.

Sin an áit as ar tháinig an miotas den mháirseáil chun na Róimhe – níor thóg Mussolini cumhacht, iarradh air glacadh léi.



# An Chéad Rialtas faoi stiúir Mussolini 1922 - 24

Ní raibh ach triúr aire sa chéad rialtas a bhí faoi stiúir Mussolini.

Ach bhí ar Mussolini gach uile chinneadh a fhaomhadh.

Bhain Mussolini úsáid as an deis seo chun an chumhacht a bhí aige a neartú.

In 1923 d'athraigh Mussolini ainm na scuad faisisteach chuig an Mílíste Faisisteach um Shlándáil Náisiúnta – MVSN

Bhí an grúpa seo dlíthiúil anois.

# An Chéad Rialtas faoi stiúir Mussolini 1922 - 24

Níos déanaí sa bhliain, thug sé isteach dlí nua – Dlí Acerbo.

Leis seo, an páirtí a raibh an méad is mó vótaí aige, fuair 2/3 de na suíocháin sa parlaimint – chuirfeadh sé seo deireadh leis na rialtais laga a bhí ann idir 1918 agus 1922 agus bhí an tacaíocht ag an dlí seo i measc an phobail.

Le linn an feachtais olltoghchánaíochta in 1924, an chéad ceann ina raibh dlí Acerbo i bhfeidhm, bhain na Faisistithe úsáid as foréigean agus imeaglú chun tionchar a bheith acu ar an toradh.

Bhuaigh na faisistithe 65% den vóta náisiúnta – bhí smacht acu ar an bparlaimint anois.




# Scaradh Aventine – 1924

Ba é Giacomo Matteotti ceannaire na sóisialach, agus bhí sé ar lorg fiosrúchán faoin toghchán.

D'fhoilsigh sé paimfléad "*The Fascists Exposed*" – sa phaimfléad, rinne sé cur síos ar na rudaí a tharla le linn an toghcháin.

San áireamh sa phaimfléad, bhí cuntais ar ionsaithe ar nuachtáin a bhí i gcoinne na bhfaisistithe, daoine ag vótáil le hainm difriúil agus bagairtí ar dhaoine nach raibh chun vóta a caitheamh ar son na bhfaisistithe.

Laistigh de sheachtain, d'fhuadaigh na Léinte Dubha Matteotti i lár an lae agus dhúnmharaigh siad é go brúidiúil.


# Scaradh Aventine – 1924

Chuir an pobal an milleán ar fad ar Mussolini agus bhí siad ag iarraidh go seasfadh sé síos mar phríomh-aire.

Thar oíche, chaill Mussolini a chlú agus níos déanaí ina shaol dúirt sé dá ndéanfadh an freasúra coup go gcaillfeadh sé cumhacht láithreach.

Ach sábháladh Mussolini & bhí roinnt cúiseanna ar chabhraigh leis.

Ar an gcéad dul síos, ní raibh an Rí Victor Emmanuel III sásta idirghabháil a dhéanamh.





# Scaradh Aventine – 1924

Ar an dara dul síos, d’fhág an freasúra an parlaimint mar agóid – glaoitear Scaradh Aventine ar an eachtra seo.

Déanann an t-ainm tagairt don Sean-Róimh nuair a dhiúltaigh an chosmhuintir (plebs) teacht anuas ó chnoc Aventine lasmuigh den Róimh go dtí go gcaithfí níos fearr leo.

Thug an cinneadh seo deis do Mussolini de bharr nach raibh aon slí dlíthiúil anois chun é a bhaint ó chumhacht.

# Ag bogadh i dtreo na Deachtóireachta

Tar éis eachtra Matteotti, thóg Mussolini an cinneadh go raibh sé in am chun smacht iomlán a chur ar chúrsaí polaitíochta na hIodáile.

In 1925 ghlac sé freagracht iomlán as gach rud a tharla; dúirt sé

*I declare that I and I alone assume the political, moral and historical responsibility for all that has happened. If Fascism has been a criminal association, if all the acts of violence have been the result of historical, political and moral climate, the responsibility for this mine.*





# Ag bogadh i dtreo na Deachtóireachta

I Nollaig 1925, bhain sé úsáid as cumhacht an rí chun airí a cheapadh nó iad a bhaint.

Ó Eanáir 26, nuair a shínigh Mussolini forógra bhí sé ina dhlí láithreach.

Thóg sé an t-ainm **il Duce** (an ceannaire).

Chuir sé cinsireacht dhian i bhfeidhm ar an bpreas.

Thóg sé isteach go leor bac ar nuachtáin phríobháideacha agus bhí ar go leor díobh dúnadh síos.

Cuireadh scríbhneoirí agus scoláirí ar deoraíocht murar chuir siad luachanna Faisisteacha chun cinn.



# Riarachán an Stáit Fhaisistigh




# Dlí agus Ord

Ní raibh cúrsaí dlí agus oird chomh foréigneach is a bhí siad sa Ghearmáin.

Bhunaigh Mussolini fórsa póilíní speisialta, an **OVRA –** *Opera Volontaria Repressione Anti Fascists.*

Bunaíodh é chun déileáil le freasúra an stáit.

Bunaíodh áitribh phionóis nó príosúin ar oileáin Lipari – amach ó chósta thuaidh na Sicile - le haghaidh príosúnaigh pholaitiúla.

Baineadh úsáid as **Confino** le haghaidh cásanna beaga – seo nuair a seoladh duine chuig sráidbhailte iargúlta.

# Dlí agus Ord

- Bhí Mussolini fíor-rathúil ag déileáil le Mafia na Sicile agus Camorra Napoli.
- Bhí sé níos rathúla ná aon rialtas eile san 20ú haois.
- Laghdaíodh cumhacht na gceannasaithe coiriúlachta nuair a cuireadh deireadh lena dtoghcháin áitiúla agus le córas an ghiúiré.
- Chuaigh an Mafia ó neart go neart trí bhreabanna a thabhairt do pholaiteoirí áitiúla agus trí fhoréigean a bhagairt ar bhaill na giúiré agus ar fhinnéithe.
- Bhí níos mó ná 2,000 duine a bhí faoi amhras mar bhaill den Mafia idir 1926 agus 1939 cuireadh iad faoi choimeád.

# An Stát Corparáideach

Dúirt Mussolini go raibh bealach eile chun eacnamaíocht na tíre a rith seachas cumannachas agus caipitleachas.

Ghlaoigh sé an stát corparáideach ar.

Cé gur tugadh spreagadh do ghnóthaí phríobháideacha, bhí cead ag an rialtas Faisisteach ladar a chur sa ghnó dá gceapfadh siad go raibh sé riachtanach.

Bunaíodh corparáidí chun bainistíocht a dhéanamh ar gach uile earnáil den eacnamaíocht.

Cuireadh corparáid ar bun le haghaidh déantús cruach, talmhaíocht, múinteoirí etc.

# An Stát Corparáideach

- Bhí ionadaíocht chothrom idir oibrithe agus fostóirí ar na corporáidí seo agus bhí trí bhall den Pháirtí Faisisteach mar idirghabhálaithe.
- Spreagadh na baill de gach uile corparáid chun suimeanna an stáit a chur os comhair a suimeanna pearsanta féin.
- Bhí na corparáidí rathúil agus shocraigh siad aon aighnis a bhí ann maidir le pá agus coinníollacha oibre.
- Mar thoradh ar na corparáidí, cuireadh cosc ar cheardchumainn – dúradh nach raibh aon gá leo.
- In 1938, cuireadh deireadh go hoifigiúil le parlaimint agus tugadh isteach an **Tionól de 22 Corparáid** ina háit.

# Bolscaireacht

Is é is bolscaireacht ann ná eolas áibhéalach nó bréagach a scaipeann páirtí polaitíochta chun tionchar a bheith acu ar thuairimí an phobail.

Cosúil le Hitler, bhunaigh Mussolini Aireacht Bolscaireachta.

Chuir sé an aireacht nua faoi smacht Achille Starace, rúnaí an Pháirtí.

Cuireadh cosc ar nuachtán an fhreasúra agus cuireadh cinsireacht dhian i bhfeidhm orthu.

Léiríodh Mussolini mar eiseamláir fhoirfe d'anam an Fhaisisteachais agus mar fhear nach ndearna botún riamh.






# Bolscaireacht

Léiríodh Mussolini mar fhear a bhí go hiontach ag spóirt agus coimeádadh solas ar siúl in oifig Mussolini i rith na hoíche chun léiriú go raibh sé ag obair i rith na hoíche cé nach raibh sé.

Cuireadh smacht dian ar chúrsaí oideachais freisin.

Bhí ar gach múinteoir a bheith ina mball den Pháirtí Faisisteach.

Athscríobhadh na leabhair scoile ionas gur aontaigh siad leis na rudaí a chreid an páirtí.

Athscríobhadh na leabhair staire ag déanamh áibhéile ar ról na hIodáile agus ról Mussolini sa Chéad Chogadh Domhanda.

Bhí leabhair pháistí ann a léirigh Mussolini ag sábháil an domhain.



# Gluaiseachtaí Óige

Bhí am saor pháistí na hIodáile faoi smacht an Pháirtí Faisisteach freisin.

Bunaíodh eagraíocht le haghaidh daoine óga in 1926 chun comhordú a dhéanamh ar a gcuid gníomhaíochtaí.

Glaodh **Balilla** air – ainmnithe tar éis laoch i stair na hIodáile.

D’fhreastail buachaillí idir 8 agus 14 air.


# Gluaiseachtaí Óige

Tugadh traenáil fhisiceach agus mhorálta dóibh.

Tar éis an Balilla, chuaigh buachaillí isteach san **Avanguardisti.**

Bhí níos mó béime ar ghníomhachtaí míleata anseo.

Ag 18, lean an chuid is mó de bhuachaillí isteach sa pháirtí ansin mar bhí orthu a bheith ina mbhaill chun obair don stát.



# Polasaí Eacnamaíochta an Stáit Faisistigh




# Oibreacha Poiblí

Chuir Mussolini tús le clár mór d’oibreacha poiblí chun dul i ngleic le fadhb na dífhostaíochta.

Rinneadh draenáil ar Riasca Pontine (a bhí suite lasmuigh den Róimh).

Is minic a bhí an mhaláire iontu agus rinneadh míntíriú ar an talamh.

Tógadh go leor stáisiúin hidrileictreachtais.



# Oibreacha Poiblí

Tógadh autostrade (mótarbhealaí) a lean líne an chósta agus a cheangail na cathracha.

D'iarr Mussolini go mbeadh mótarbhealaí chomh díreach agus is féidir agus go mbeadh lána mall ann ionas nach mbeadh trácht orthu.

Bhí leictriú déanta ar fhormhór d'iarnróid na hIodáile, freisin.

Laghdaíodh an ráta dífhostaíochta go gearrthéarmach fad is a bhí siad á thógáil.

# An Cath ar son an Ghráin & an Átarcacht

Ciallaíonn Átarcacht tír atá neamhspleách ó thaobh na eacnamaíochta de agus ó thaobh táirgeadh bia riachtanach, is é sin, déanann sí go leor bia le freastal ar riachtanais na tíre sin.

Chreid Mussolini gur cheart go mbeadh an Iodáil ina hátarcacht.

Tugadh deontais d'fheirmeoirí chun cruithneacht a fhás seachas torthaí agus ológa.

Cé go raibh méadú mór i líon cruithneachta, chruthaigh an polasaí seo deacrachtaí i deisceart na hIodáile.

Ní raibh an talamh ansin in oiriúint d'fhás cruithneachta bhí sé níos oiriúnaí d'fhás torthaí citris agus ológ.

# An cath ar son an Lira




Ba é an lira airgeadra na hIodáile ag an am.

In 1925 shocraigh Mussolini an t-airgeadra ag ráta saorga ard – 90 lira do gach £1 sterling.

Chun é seo a dhéanamh, fuair sé a lán iasachtaí ó Mheiriceá.

Ach bhí air na hiasachtaí sin a íoc ar ais in 1929 nuair a tharla Cliseadh Wall St, agus mar thoradh air sin, thit luach an Lira.

# An cath ar son an Lira

Chun an luach a dhéanamh níos láidre arís, ghearr sé pá i leath, agus mar thoradh air seo, thit an caighdeán maireachtála agus bhí méadú i ráta dífhostaíochta na tíre.

Bhí deacrachtaí eacnamaíochta na hIodáile níos measa de bharr go raibh Mussolini ag caitheamh a lán airgid ar an arm.

Faoi lár na 1930idí, bhí níos mó ná 1/3 de chaiteachas na hIodáile ar an arm, agus an bhearna idir an ceantar tionsclaíochta sa tuaisceart agus ceantar bocht talmhaíochta an deiscirt lean sin ag fás faoi Mussolini.

# An Cath ar son an Ráta Beireatais.

Ba mhian le Mussolini go mbeadh fás sa ráta beireatais san Iodáil agus in 1927 dúirt sé gur cheart go mbeadh ardú i ndaonra na hIodáile ó 40 milliún go 60 milliún faoi 1950 .

Dúirt sé go mbeadh gá leis seo chun an Iodáil a chosaint ó na 90 milliún Gearmánach agus 200 milliún slavach (Oirthear na hEorpa).

Chun pósadh a spreagadh ghearr sé breis cánach ar bhaitsiléirí.

Dúradh le comhlachtaí príobháideacha agus an státseirbhís idirdhealú a dhéanamh agus fir phósta a fhostú.

Ach theip ar an bplean seo agus lean an ráta beireatais ag titim.